

Европейски омбудсман

El Defensor del Pueblo Europeo

Evropský veřejný ochránce práv

Den Europæiske Ombudsmand

Der Europäische Bürgerbeauftragte

Euroopa Ombudsman

Ο Ευρωπαίος Διαμεσολαβητής

The European Ombudsman

Le Médiateur européen

9 An tOmbudsman Eorpach

Il Mediatore europeo

Eiropas ombuds

Europos ombudsmenas

Az Európai Ombudsman

L-Ombudsman Ewropew

De Europese Ombudsman

Europejski Rzecznik Praw Obywatelskich

O Provedor de Justiça Europeu

Ombudsmanul European

Európský ombudsman

Evropski varuh človekovih pravic

Euroopan oikeusasiamies

Europeiska ombudsmannen

■ Forléargas

An tOmbudsman Eorpach

2009

A léitheoir, a chara,

FÁILTE chuig “Forléargas 2009” an Ombudsman. Tuairiscítear san fhoilseachán seo na torthaí is tábhachtaí a baineadh amach do ghearánaigh le bliain anuas agus tugtar aird ar na príomhdhúshláin agus príomhdheiseanna atá os chomair na hinstitiúide.

Bliain thábhachtach d’ombudsmen

Comóradh 200 bliain a bhí sa bhliain 2009 ón uair a bunaíodh institiúid an ombudsman, agus rinne comhghleacaithe ar fud an domhain ceiliúradh ar an imeacht sin i Stócólm i mí an Mheithimh. Maidir leis an Ombudsman Eorpach de, ba í an bhliain sin tús ár gcúigiú bliain déag ó bunaíodh an oifig seo. Bhí sí mar dheireadh mo chéad tréimhse sainordaithe mar Ombudsman freisin. Creidimse gur formhuiniú ar shaothar na hoifige seo a bhí i gcinneadh Pharlaimint na hEorpa ar an 20 Eanáir i mbliana mé a atoghadh don dara tréimhse sainordaithe, agus tugann sé spreagadh dúinn leanúint ag iarraidh riarachán níos oscailte, níos cuntasáí, níos dírithe ar sheirbhís agus níos lárnaithe ar shaoránaigh an AE a bhaint amach.

Is tráth corraitheach é seo le bheith i gceannas ar an institiúid seo. Ceann amháin de phríomhthosaíochtaí an Ombudsman sna cúig bliana atá romhainn is ea go ndeimhneoidimid go seachadann an AE na tairbhí a gealladh faoi Chonradh Liospóin. Is sa chomhthéacs sin a chuirfidh mé chun cinn go sonrach an ceart ar dhea-riarachán, de réir mar atá leagtha amach i gCairt um Chearta Bunúsacha an AE. I bhfianaise an líon mór fiosrúcháin a dtéim ina mbun gach aon bhliain i leith easpa trédhearcachta (36% d’fhiosrúcháin sa bhliain 2009), is amhlaidh a choinneoidh mé orm ag éileamh an ceart bunúsach maidir le teacht an phobail ar cháipéisí. Agus cinnteoidh mé go mbítear feasach agus go mbaintear úsáid chuí as an gceart chun ábhar a thabhairt faoi bhráid an Ombudsman agus chun achainí a dhéanamh ar an bParlaimint, ionas gur féidir le saoránaigh an cúiteamh is fearr a fháil.

Bliain mhaith i dtéarmaí torthaí

An dara tosaíocht a bheidh ann don Ombudsman ná neartú a dhéanamh ar an gcultúr seirbhíse i measc lucht riaracháin an AE. Is léir óna bhfreagraí ar mo chuid fiosrúcháin go gcloíonn institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais le hardchaighdeán de chleachtas riaracháin cheana féin. I leith breis agus leath de na cásanna a dúnadh sa bhliain 2009 (56%), ghlac an institiúid lena bhain an cás le réiteach cairdiúil nó tháinig siad ar shocrú ina leith. Cuirtear é seo i gcomparáid le 36% sa bhliain 2008. Feidhmíonn na naoi gcás eiseamláireacha a gcuirtear síos orthu sna leathanaigh seo a leanas mar shamplaí den dea-chleachtas chun freagra a thabhairt ar ghearáin.

Osclaíodh ceithre fhiosrúcháin ar a thionscnamh féin maidir le gnásanna córasacha ag an gCoimisiún Eorpach, ar nós tráthúlacht na n-íocaíochtaí agus teacht an phobail ar cháipéisí i gcásanna sáraithe. Sa bhreis ar sin bhí réimse cásanna idir lámha ag an Ombudsman ar phointí prionsabail tábhachtacha, ar nós an gá chun cruinnithe agus athbhreithnithe ábhartha a dhoiciméadú i gceart. Tugtar achoimre ar na cásanna seo sa chéad chuid eile freisin.

Cé nach raibh ar an Ombudsman ráitis chriticiúla a dhéanamh maidir leis na hinstitiúidí ach i 35 cás, i gcomparáid le 44 sa bhliain 2008 agus 55 sa bhliain 2007, is amhlaidh go bhfuil spás ann fós le haghaidh tuilleadh feabhsaithe. Chuige sin, déanfaidh mé athleanúint ar fhreagraí na n-institiúidí ar ráitis chriticiúla agus ráitis bhreise trí staidéar bliantúil a fhoilsiú ar mo shuíomh gréasáin.

Is é feabhsú ar cháilíocht an riaracháin ar mhaithe le leas na saoránach an bunchuspóir a bheidh ann le haghaidh gníomhartha uile an Ombudsman. Maidir le saothar m’oifige féin, is cúis áthais dom é a thuairisciú gur laghdaíodh an t-achar ama chun fiosrúcháin a thabhairt chun críche ó 13 mí ar an meán sa bhliain 2008 go naoi mí sa bhliain 2009. Tá sé mar aidhm againn laghdú breise a dhéanamh ar an achar ama a thógtar chun torthaí a bhaint amach trí mheán na bhfiosrúcháin.

Bliain ghnóthach i mbun cumarsáide

Cuireadh tús leis an mbliain 2009 leis an seoladh de shuíomh gréasáin nua an Ombudsman, a bhfuil treoir idirghníomhach air chun cabhrú le haithint an chomhlachta is cuí le gearáin



Déanann an tOmbudsman Eorpach imscrúdú ar ghearáin faoi dhrochriarachán in institiúidí, i gcomhlachtaí, in oifigí agus i gníomhaireachtaí an AE. Is féidir le saoránach ar bith den AE, nó duine a chónaíonn san AE, nó fiontar nó comhlachas i mBallstát gearán a dhéanamh leis an Ombudsman. Tá bealach gasta, solúbtha agus saor in aisce ag an Ombudsman chun fadhbanna le córas riaracháin an AE a réiteach.

Tá a thuilleadh faisnéise sna 23 teanga oifigiúil AE le fáil ar <http://www.ombudsman.europa.eu>, agus tá an Forléargas seo, na cásanna a luaitear san fhoilseachán seo chomh maith le Tuarascáil Bhliantúil iomlán 2009 (a bheidh ar fáil i mBéarla ó Aibreán 2010 agus sna teangacha oifigiúla go léir ó mhí Iúil 2010) le fáil air chomh maith.

a thabhairt dó. Bhí rath mór ar an treoir go dtí seo, agus comhairle á soláthar do níos mó ná 26 000 duine i gcaitheamh na bliana. Thit líon na ngearán chuig ár n-oifig ó 3 406 sa bhliain 2008 go dtí 3 098 sa bhliain 2009 de réir mar a tháinig níos mó daoine ar an seoladh ceart ó thús. Is mór an fhoinsé misnigh atá sa mhéid seo. D'fhonn é seo a chinntiú a thuilleadh, i gcaitheamh na bliana threisíomar an comhoibriú le líonraí faisnéise agus fuascailte faidhbe eile, ar nós Europe Direct agus SOLVIT.

Chuireamar dlús lenár n-iarrachtaí a bheith inrochtana do ghearánaigh féideartha, trí réimse imeachtaí a eagrú le heagraíochtaí neamhrialtasacha, leasghrúpaí, gnóthaí agus meithleacha smaointe. De bharr na n-iarrachtaí seo tháinig ardú i líon na bhfiosrúcháin a osclaíodh, ó 293 go 335, bunaithe ar líon na ngearán a fuarthas. Maidir leis na gearáin as a n-eascraíodh fiosrúcháin, tháinig 16% ó chuideachtaí agus ó chumainn, agus tháinig 84% ó shaoránaigh aonair.


I mbeagnach 80% de na cásanna a cláraíodh, bhíomar ábalta cabhrú leis an ngearánach trí fhiosrúcháin ar an gcás a oscailt, an cás a aistriú chuig comhlacht inniúil nó trí chomhairle a thabhairt faoin gcéad chéim eile. Thit níos mó ná 55% de chásanna laistigh d'inniúlacht comhalta éigin de chuid Líonra Eorpach na nOmbudsmen, rud a dheimhníonn an gá atá le láidriú breise a dhéanamh ar an gcomhoibriú i measc na n-ombudsmen Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnacha agus i measc na gcoistí achainíocha laistigh den Líonra féin.

Forbairt thábhachtach eile sa bhliain 2009 ba ea an glacadh de ráiteas misin don institiúid. Seo é:

Iarrann an tOmbudsman Eorpach teacht ar thorthaí cothroma ar ghearáin in aghaidh institiúidí an Aontais Eorpaigh, molann sé follasacht agus cuireann sé meon riaracháin bunaithe ar sheirbhís chun cinn. Tá sé mar aidhm aige muinín a fhorbairt trí chomhphlé idir saoránaigh agus an tAontas Eorpach agus chun na caighdeáin iompair is airde a chothú laistigh d'institiúidí an Aontais féin.

Táim ag súil go mór le bheith ag obair le mo chuid foirne chun na spriocanna seo a bhaint amach go fonnmhar sna blianta atá le teacht.

Strasbourg, 31 Eanáir 2010



P. Nikiforos DIAMANDOUROS

Rogha cásanna a bhí idir lámha sa bhliain 2009

TUGTAR roinnt samplaí anseo thíos d'fhiosrúcháin ar thug an tOmbudsman fúthu. Clúdaíonn siad príomhchatagóirí na ngearán agus áirítear na cásanna eiseamláireacha uile a aithníodh sa bhliain 2009.

Saincheisteanna institiúideacha agus beartais

Cháin an tOmbudsman an Coimisiún toisc gur theip air nóta cuí a bhreacadh de chruinniú le linn fiosrúcháin i gcoinne trusta, cé gur bhain an cruinniú go díreach leis an bhfiosrúcháin. Tháinig sé seo as gearán ón táirgeoir micreaphróiseálaí, Intel (1935/2008/FOR).

D'aontaigh an Banc Eorpach Infheistíochta an chaoi ina ndéanann sé doiciméadú ar athbhreithnithe um measúnuithe ar thionchar comhshaoil a fheabhsú, tar éis don Ombudsman teacht ar laigeachtaí ina nós imeachta maidir leis sin. Bhain é seo lena chinneadh chun

cómhaoiniú a dhéanamh ar an tionscadal iarnróid ardluais ag nascadh Maidrid agus teorainn na Fraince (244/2006/(BM))JMA).

D'aithin an Coimisiún gurbh fhearr gan ligean do bheirt ardoifigeach, a raibh cásanna frithdhumpála idir lámha acu, glacadh le ticéid rugbaí VIP ó sholáthraí éadaí spóirt. Líomhnaigh eagraíocht neamhrialtasach go bhféadfadh coimhlínt leasa teacht as seo (1341/2008/MHZ).

Easpa trédhearcachta

→→→ D'aontaigh an **Oifig Frith-Chalaoise Eorpach** liosta fada cáipéisí a scaoileadh tar éis dul i gcomhairle leis na húdaráis bhreithiúnacha ábhartha ó na Ballstáit a bhí i gceist. D'iarr dhá chuideachta ón mBeilg na cáipéisí a fháil (comhchásanna 723/2005/OV agus 790/2005/OV).

→→→ D'aontaigh an **Oifig Eorpach um Roghnú Foirne** (EPSO) ligean do gach iarrthóir, ní hamháin na hiarrthóirí neamhrathúla, teacht a fháil ar a marcanna tástála. Tháinig é seo as gearán faoin bhfíric nárbh fhéidir le hiarrthóirí rathúla eolas a fháil ar na marcanna a fuair siad (2346/2007/JMA).

Díospóidí conarthacha agus fadhbanna le tograí

→→→ D'aontaigh an **Coimisiún** iniúchadh a dhéanamh arbh fhéidir leis úsáid na fo-chonraitheoireachta a údarú go haisghnómhach sa chaoi is go gcealófaí ordú aisghabhála arbh fhiú beagnach EUR 500 000 é. Mhol an tOmbudsman don Choimisiún athmhachnamh a dhéanamh ar a sheasamh toisc gur chomhlíon an gearánach na trí thionscadal a bhí i gceist go rathúil (2119/2007/ELB).

→→→ Ghabh an **Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúir** leithscéal i gcás a bhain le diúltú iarratais ar dheontas, agus fógraíodh go raibh céimeanna áirithe tugtha aici chun dul i ngleic leis na fadhbanna a aithníodh. Aontaíodh freisin athmheasúnú a dhéanamh ar an iarratas (1537/2008/(TJ)GG).

Gearáin sháraithe

→→→ Mhol an tOmbudsman an **Coimisiún** as an tacáocht a tugadh do shaoránach Gearmánach i gcás a bhain le cearta aerphaisinéirí. Chuaigh an Coimisiún i mbun chás an ghearánaigh go gníomhach, agus chuaigh sé i dteagmháil le húdaráis na Fraince lenar bhain an scéal chun cinntiú go gcuirtear na rialacha ábhartha i bhfeidhm i gceart (2980/2008/GG).

→→→ D'athoscail an **Coimisiún** nós imeachta sáraithe chun seiceáil ar chomhlíon an suíomh líonta talún ag Malagrotta, in aice leis an Róimh, an Treoir ábhartha. Tháinig é seo as fiosrúcháin de chuid an Ombudsman (791/2005/(IP)FOR).

Saincheisteanna earcaíochta

→→→ Ghabh an **Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Iomaíochas agus Nuálaíocht** leithscéal agus tugadh míniúcháin bhreise d'iarrthóirí neamhrathúil, ag dearbhú freisin go n-aithneofaí bearta le feachtas a cuid feidhmeannach a fheabhsú maidir leis na caighdeáin riaracháin infheidhmithe (1562/2008/BB).

→→→ D'aontaigh **Gníomhaireacht Feidhmiúcháin Chomhairle Taighde na hEorpa** cuireadh chun agallaimh a thabhairt don ghearánach, agus dhearbhaigh go dtabharfaí eolas leordhóthanach d'iarratasóirí neamhrathúla amach anseo maidir leis na bealaí féideartha sásaimh (2003/2008/TS).

Cothroime

→→→ D'aontaigh an **Coimisiún** ordú aisghabhála a chealú, ag aithint go gcuirfeadh an aisíocaíocht an gearánach i sáinn maidir lena staid airgeadais. Thug an

tOmbudsman ardmholadh don Choimisiún as tuisceanaíocht a léiriú nuair a thagann cúinsí pearsanta deacra aníos (1908/2007/JF).

An líon gearán agus fiosrúcháin

CLÁRÁÍODH 3 098 gearán leis an Ombudsman sa bhliain 2009 (i gcomparáid le 3 406 sa bhliain 2008) agus osclaíodh 339 fiosrúcháin (i gcomparáid le 296 sa bhliain 2008). Dhún sé 318 fiosrúcháin le linn na bliana (355 sa bhliain 2008). San iomlán, dhéileáil an tOmbudsman le thart ar 5 000 gearán agus iarratais ar fhaisnéis.

Gníomhartha an tOmbudsman


I mbeagnach 80% de na cásanna a próiseáladh (2 423), bhí an tOmbudsman ábalta cabhrú leis an ngearánach trí fhiosrúcháin a oscailt, an cás a aistriú chuig comhlacht inniúil nó trí chomhairle a thabhairt faoin gcéad chéim eile.

TABHAIR FAOI DEARA I roinnt cásanna, cuireadh níos mó ná cineál amháin comhairle ar ghearánach. Dá bhar seo tá breis is 100% in iomlán na gcéatadán.

Maidir le cásanna a aistríodh agus comhairle a tugadh, cuireadh 53% de na gearánaigh ar aghaidh chuig comhalta de Líonra Eorpach na nOmbudsman, i.e. ombudsman náisiúnta nó réigiúnach sna Ballstáit nó chuig Coiste Achainíocha Pharlaimint na hEorpa. Cuireadh 18% san iomlán faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh agus moladh do 45% teagmháil a dhéanamh le comhlachtaí eile, lena n-áirítear SOLVIT, a réitíonn fadhbanna a eascraíonn as mífheidhmiú dhlí an mhargaidh inmheánaigh ag údaráis phoiblí.

Torthaí na bhfiosrúcháin a rinneadh


Bhí toradh dearfach ar 179 de na cásanna a dúnadh in 2009, ó tharla gur ghlac an institiúid lena mbaineann le réiteach cairdiúil nó gur thángthas ar shocrú. Níor aimsíodh drochriarachán i 58 de na cásanna. Thug an tOmbudsman ráitis bhreise maidir le 28 cás chun feabhas a chur ar fheidhmíocht sa toadhcháil. Aimsíodh drochriarachán i 37 de na cásanna: as sin, ghlac an institiúid le dréachtmholtáil in dhá chás agus dúnadh 35 cás le ráitis chriticiúla.

 = 10 gcás

**TABHAIR FAOI
DEARA** I roinnt
cásanna, dúnadh
fiosrúcháin ar dhá
chúis nó níos mó. Dá
bharr seo tá breis is
100% in iomlán na
gcéatadán.

**Na hinstitiúidí,
comhlachtaí, oifigí nó
gníomhaireachtaí lenar
bhain na fiosrúcháin**

Bhain formhór na bhfiosrúcháin a osclaíodh sa bhliain 2009 leis an gCoimisiún Eorpach (56%). De bhrí gurb é an Coimisiún an phríomhinstiitiúid san Aontas a dhéanann cinntí a mbíonn tionchar díreach acu ar shaoránaigh, luíonn sé le réasún gurb airsean, go príomha, a bheadh gearáin na saoránach dírithe. Mar sin féin, is fiú a thabhairt faoi deara, cé gur tháinig laghdú de cheithre cinn ar líon iomlán na bhfiosrúcháin a osclaíodh maidir leis an gCoimisiún sa bhliain 2009, tháinig méadú ar líon na bhfiosrúcháin a osclaíodh maidir leis an bParlaimint, Erso, an Chomhairle agus Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (méadú de dheich bhfiosrúcháin, deich bhfiosrúcháin, dhá fhiosrúcháin agus sé fhiosrúcháin faoi seach). Maidir leis an gCúirt, tá sé tábhachtach a rá nach féidir leis an Ombudsman fiosrúcháin a oscailt ach amháin ar shaothar neamhbhreithiúnach.

 = 10 gcás

Tháinig an institiúid ar shocrú nó réiteach cairdiúil aontaithe 179

56%

Níor aimsíodh drochriarachán 58

18%

Níl údar le fiosrúcháin bhreise 55

17%

Aimsíodh drochriarachán 37


12%

Eile 6

2%

An cineál drochriaracháin a bhain leis na fiosrúcháin

Tarlaíonn drochriarachán más rud é go dteipeann ar institiúid gníomhú i gcomhréir leis an dlí, go dteipeann orthu déanamh de réir prionsabail an dea-riaracháin, nó nuair a sháraíonn siad cearta bunúsacha. Ba í an easpa trédhearcachta (i 36% de na fiosrúcháin a osclaíodh) an líomhain ba chomónta ó thaobh an drochriaracháin de a bhí idir lámha ag an Ombudsman sa bhliain 2009.

 = 10 gcás

TABHAIR FAOI
DEARA I roinnt
cásanna, scrúdaíodh
dhá chineál
drochriaracháin
líomhnaithe nó níos
mó san fhiosrúchán
céanna. Dhá bharr seo
tá breis is 100% in
iomlán na gcéatadán.

Seachtú	Seachtú
Easpa trédhearcachta lena n-áirítear faisnéis a dhiúltú 121	Earráid Dhlíthiúil 19
36%	6%
Éagothroime, mí-úsáid cumhachta 48	Idirdhealú 17
14%	5%
Moill inseachanta 45	Drochriarachán eile 23
13%	7%
Nósanna imeachta míshásúla 44	
13%	
Faillí 22	
6%	
Teip chun comhlíonadh oibleagáidí a chinntiú – Airteagal 258 21	
6%	

Na daoine a rinne gearán

TABHAIR FAOI DEARA Ríomhadh cóimheas na ngearán trí chéatadán na ngearán iomlán a fuarthas ó gach Ballstát a roinnt ar a chéatadán de dhaoine iomlán an AE. I gcás gur mó ná 1,0 é, léiríonn sé gur chuir an tír i gceist níos mó gearán isteach chuig an Ombudsman ná mar a bheifí ag súil leis de réir dhaonra na tíre.

Tír	Cásanna
An Ghearmáin	413
An Spáinn	389
An Pholainn	235
An Fhrainc	235
An Bheilg	207
An Iodáil	183
An Ríocht Aontaithe	176
An Phortaingéil	102
An Ghréig	91
An Rómáin	81
An Bhulgáir	77
An Ostair	62
Poblacht na Seice	59
An Ísiltír	59
An Ungáir	55
An Fhionlainn	42
An tSualainn	42
Éire	40
An Liotuáin	30
Lucsamburg	29
An tSlóivéin	29
An tSlóvaic	27
Málta	25
An Chipir	24
An Danmhairg	23
An Laitvia	20
An Eastóin	17
Eile	157
Ní fios	169

Taispeántar sa léarscáil thíos a dhóichí é go ndéanfaidh daoine i ngach Ballstát gearán leis an Ombudsman Eorpach. Tá sé bunaithe ar an líon gearán ó gach aon Bhallstát i gcoibhneas lena daonra. Tugtar dearbhuimhir na ngearán de réir gach Ballstáit chomh maith.



Ombudsman Eorpach

1 Avenue du Président Robert Schuman
CS 30403
67001 Strasbourg Cedex
AN FHRAINC
Teil. +33 3 88 17 23 13
Facs +33 3 88 17 90 62

→→→ <http://www.ombudsman.europa.eu>

© An tAontas Eorpach, 2010

Údaráitear atáirgeadh chun críocha oideachais agus neamhthráchtála ar an gcoinníoll go dtugtar aitheantas don fhoinsé.

Pierre Roesch typo-graphisme, Strasbourg

Printed in Luxembourg

Clóbhuailte ar CyclusPrint, clópháipéar mín a tháirgtear go hiomlán as snáithíní athchúrsáilte.

QK-AD-10-001-GA-D · ISSN 1831-3752



Oifig na bhFoilseachán